An Roinn Oideachais
Department of Education

**Uimhir Chiorcláin 60/2024**

**Chuig:** Príomhoifigeach Feidhmiúcháin – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA)

# An Scéim Deontas Teagasc Baile do Leanaí nach bhfuil Áit Scoile acu

## Réamhrá

Soláthraítear sa chiorclán seo faisnéis faoin Scéim Deontas Teagasc Baile do leanaí nach bhfuil áit scoile acu, nach bhfuil tairiscint áite scoile acu agus a bhfuil áit scoile á lorg go gníomhach dóibh.

- **An Scéim Deontas Teagasc Baile do Leanaí nach bhfuil Áit Scoile acu**

Ba cheart d'iarratasóirí an ciorclán seo a léamh go cúramach sula gcomhlánóidh siad na foirmeacha iarratais. I gcás nach mbeidh áit scoile ag leanbh[1] ar feadh tréimhse shealadach, nach mbeidh tairiscint áite scoile aige/aici agus go mbeidh socrúchán scoile i scoil aitheanta á lorg go gníomhach dó/di, féadfaidh an Roinn Oideachais deontas a cheadú le haghaidh teagascóir atá cáilithe go cuí a fhostú chun teagasc baile a sholáthar don leanbh sin ar feadh suas le 9 n-uaire in aghaidh na seachtaine.

Tá sa Chiorclán faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

1. Critéir le haghaidh incháilitheachta faoi théarmaí na scéime
2. Nós Imeachta Iarratais
3. Critéir le haghaidh Cúnamh Deontais a Sholáthar
4. Tosca cosanta agus cumhdaigh leanaí do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla
5. Na Ceanglais Ghrinnfhiosrúcháin atá ar Theagascóirí
6. Faisnéis Ghinearálta
7. Nósanna Imeachta Íocaíochta
8. Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí
9. Ceisteanna agus Achomhairc

Féadfar iarratais a chur isteach ó dháta eisiúna an chiorcláin seo go dtí na dátaí deiridh atá leagtha amach thíos
Dátaí deiridh ar a nglacfar le hIarratais:

- Dáta deiridh do bhunscoileanna: 30 Bealtaine 2025
- Dáta deiridh d'iar-bhunscoileanna: 25 Aibreán 2025

[1] Sa chiorclán seo, ciallaíonn ''leanbh'' duine a chónaíonn sa Stát, ar duine é/í a bhfuil 6 bliana d'aois slánaithe aige/aici agus (a) nach bhfuil 16 bliana d'aois slánaithe aige/aici nó (b) nach bhfuil 3 bliana d'iar-bhunoideachas críochnaithe aige/aici, cibé acu is déanaí a tharlóidh, ach ní fholóidh sé duine a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici. (Alt 2 den Acht Oideachais (Leas), 2000).

## 1. Critéir le haghaidh incháilitheachta faoi théarmaí na scéime

### An Scéim Deontas Teagasc Baile do Leanaí nach bhfuil Áit Scoile acu

Leis an Scéim Teagasc Baile do Leanaí nach bhfuil Áit Scoile acu, soláthraítear teagasc do leanaí nach bhfuil áit scoile acu, nach bhfuil tairiscint áite scoile acu agus a bhfuil áit á lorg go gníomhach dóibh.

Mairfidh an teagasc a sholáthrófar faoin scéim seo ar feadh 9 n-uaire ar a mhéad in aghaidh na seachtaine ar feadh tréimhse 12 sheachtain nó go dtí go dtiocfaidh an scoilbhliain chun deiridh nó go dtí go bhfaighidh an leanbh atá i gceist tairiscint áite scoile, cibé acu is túisce a tharlóidh.

Níor cheart teagasc baile a mheas a bheith ina rogha eile ar áit a áirithiú i scoil aitheanta, agus is le haghaidh idirghabháil teagaisc oideachais amháin atá sé.

Tá tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil freagrach as áit scoile a rochtain dá leanbh. I gcás go dtiocfaidh tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil ar dheacracht agus é/í ag iarraidh áit scoile a fháil dá leanbh, ba cheart dó/di teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Leasa Oideachais arb ionann é/í agus an t-oifigeach áitiúil de chuid Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Is é Tusla an ghníomhaireacht reachtúil atá freagrach as tacú le freastal ar an scoil agus as an reachtaíocht um fhreastal ar an scoil a fhorfheidhmiú. Tairgeann sé seirbhís tacaíochta do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla chun a chinntiú gur féidir le gach leanbh freastal go rialta ar an scoil. Is féidir mionsonraí teagmhála do na hOifigigh Leasa Oideachais a rochtain ag https://www.tusla.ie/get-in-touch/education-and-welfare/23.

Chun go mbreithneoidh an Roinn Oideachais iarratas ar dheontas teagasc baile, ní mór don Oifigeach Leasa Oideachais áitiúil a dheimhniú ar dtús go gcomhlíonann imthosca an linbh critéir na scéime.

Féadfar deontas teagaisc a cheadú le haghaidh teagascóir atá cáilithe go cuí a fhostú chun teagasc baile a sholáthar ar feadh 9 n-uaire ar a mhéad in aghaidh na seachtaine ar feadh tréimhse 12 sheachtain nó go dtí go dtiocfaidh an scoilbhliain reatha chun deiridh nó go dtí go bhfaighidh an leanbh tairiscint áite scoile. Féadfaidh an Roinn Oideachais an teorainn uachtair 9 n-uaire a athbhreithniú ó am go ham.

## 2. Nós Imeachta Iarratais

### I gcás Scéim Deontas Teagasc Baile na Roinne do Leanaí nach bhfuil Áit Scoile acu:

Ba cheart foirm iarratais HT NSP24 a úsáid don scéim seo.
Níl foirmeacha iarratais ar fáil ach amháin ó Oifigeach Leasa Oideachais de chuid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach.

